



An tAcht um Brústocaireacht a Rialáil, 2015: Treoir do dhaoine a sheolann gníomhaíochtaí brústocaireachta

Arna hathbhreithniú i mí an Meitheamh 2019

Clár Ábhar

Réamhrá	2
Cén uair a tháinig an tAcht i bhfeidhm?.....	3
An mbaineann an reachtaíocht leat?.....	4
A) Cé a thagann faoi raon feidhme an Achta?	4
B) Cé hiad na hOifigigh Phoiblí Ainmnithe?.....	5
C) Cad is cumarsáid iomchuí ann?	6
D) Cad is ní iomchuí ann?	6
E) Cé na cumarsáidí “eiscthe” (díolmhaithé)?.....	7
An Clár Brústocaireachta	9
Ceanglas chun clárú	9
Faisnéis nach mór a sholáthar le linn clárú	10
Ceanglas chun tuairisceáin a thabhairt.....	11
An fhaisnéis nach mór a chur ar áireamh i do thuairisceán maidir le gníomhaíochtaí brústocaireachta	11
Faisnéis iomchuí faoi chliant	12
Ceanglas chun faisnéis bhrefise nó faisnéis cheartaithe a sholáthar	13
Foilsíú moillithe	13
Ábhar eile a fhéadfar a eisiamh ón gClár.....	14
“Tréimhse mharana”: Srianta ar fhostaíocht iarthéarma mar bhrústocaire	15
Forfheidhmiú.....	16
Sáruithe iomchuí	16
Forálacha forfheidhmithe.....	16
Imscrúduithe	17
Ionchúisimh agus Fíneálacha	17
Achomhairc	17
Athbhreithniú ar an Acht.....	18
Tuilleadh Faisnéise.....	18
Aguisín: Dea-chleachtais do dhaoine a sheolann gníomhaíochtaí brústocaireachta	18

Réamhrá

Síniodh an tAcht um Brústocaireacht a Rialáil, 2015, (uimh. 5 de 2015) (an tAcht) isteach sa dlí i mí an Mhárta 2015 agus tháinig sé i bhfeidhm an 1 Meán Fómhair 2015. Tháinig na forálacha forfheidhmithe, atá i gCuid 4 den Acht, i bhfeidhm an 1 Eanáir 2017.

Cuid bhunriachtanach den phróiseas daonlathach is ea an bhrústocaireacht, trínar féidir le saoránaigh a gcuid tuairimí faoi bheartas poiblí agus faoi sheirbhísí poiblí a chur in iúl do pholaiteoirí agus do sheirbhísigh phoiblí. Eagraíochtaí amhail grúpaí sainleasa, comhlacthaí ionadaitheacha, eagraíochtaí tionscail agus sochaí sibhialta, eagraíochtaí neamhrialtasacha, carthanais agus brústocairí gairmiúla trí páirtí, soláthraíonn siad go léir ionchur agus aiseolas riachtanach do pholaiteoirí agus do sheirbhísigh phoiblí trína gcuid tuairimí agus ábhar imní a chur in iúl. Níl sé mar aidhm leis an Acht an sreabhadh faisnéise nó tuairimí faoi bheartas nó faoi reachtaíocht a shrianadh. Tá sé mar aidhm leis i bhfad níos mó oscailteachta agus tréadhearcachta a thabhairt i leith gníomhaíochtaí brústocaireachta.

Is é aidhm an Actica faisnéis a sholáthar don phobal faoi na nithe seo:

- Cé atá ag déanamh brústocaireachta,
- Cé ar a s(h)on a bhfuil brústocaireacht á déanamh,
- Cé na saincheisteanna atá i gceist sa bhrústocaireacht,
- Cad is aidhm don bhrústocaireacht a bhaint amach, Cé a bhfuil brústocaireacht á déanamh air/uirthi, agus
- Cé chomh fada is a théann na gníomhaíochtaí brústocaireachta.

Tríd is tríd, tá feidhm ag an Acht maidir le heagraíochtaí tráchtala ag a bhfuil níos mó ná deichniúr fostaithe lánaimseartha; maidir le comhlacthaí ionadaitheacha ag a bhfuil fostai lánamseartha amháin ar a laghad; maidir le grúpaí tathanta, eagraíochtaí neamhrialtasacha agus carthanais ag a bhfuil fostai lánamseartha amháin ar a laghad agus a chuireann leasanna nó cúiseanna ar leith chun cinn; agus maidir le gairmithe atá ag gabháil do bhrústocaireacht thar ceann claint a thagann faoi na critéir thuas. In imhosca áirithe, ina mbaineann na cumarsáidí le talamh a chriosú nó a fhorbairt, d'fhéadfadh go mbeadh feidhm ag an Acht maidir le daoine aonair agus le grúpaí nach measfadh de ghnáth go seolann siad gníomhaíochtaí brústocaireachta.

Is é aidhm an Actica an bhrústocaireacht a dhéanamh níos oscailte agus níos tréadhearcáí trí fhoráil a dhéanamh do na nithe seo:

- Clár Brústocaireachta ar líne (an Clár) a bhunú agus a chothabháil;
- Oibleagáidí ar bhrústocairí clárú agus faisnéis a sholáthar go rialta faoina gníomhaíochtaí brústocaireachta, lena n-áirítear, i gcás brústocairí gairmiúla, faisnéis faoina gclaint;
- An Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí (an Coimisiún um Chaighdeáin) a bheith ar an rialálaí brústocaireachta;
- Tréimhse mharana a fhorchur ar ghníomhaíochtaí brústocaireachta áirithe a bhféadfadh iaroifigigh phoiblí áirithe iad a sheoladh.

Foráltear leis an Acht go bhféadfaidh an Coimisiún um Chaighdeáin Cód Iompair a tháirgeadh do dhaoine a sheolann gníomhaíochtaí brústocaireachta “d’fhoinn ardchaighdeáin ghairmiúla agus dea-chleachtas a chur chun cinn”. Rinne an Coimisiún um Chaighdeáin Cód Iompair do Dhaoine a Sheolann Gníomhaíochtaí Brústocaireachta (Cód) a fhoilsíú le déanaí. Foráltear leis an Acht go mbeidh aird ag aon duine a sheolann gníomhaíochtaí brústocaireachta ar an gCód sin. Dá bhrí sin, ba cheart na treoirlínte seo a léamh i gcomhar leis an gCód.

Cén uair a tháinig an tAcht i bhfeidhm?

Tháinig an tAcht i bhfeidhm an 1 Meán Fómhair 2015. Ba í an tréimhse ón 1 Meán Fómhair 2015 go dtí an 31

Nollaig 2015 an chéad tréimhse chlárúcháin (“tréimhse iomchuí”). Má sheol tú gníomhaíochtaí brústocaireachta le linn na tréimhse sin, ba ghá duit clárú ar www.lobbying.ie faoin 21 Eanáir 2016 ar a dhéanaí. Ba ghá na chéad tuairisceáin maidir le gníomhaíochtaí brústocaireachta a chur isteach faoin 21 Eanáir 2016 freisin, ar tuairisceáin iad ina leagfáí amach sonraí faoi do ghníomhaíochtaí brústocaireachta sa tréimhse ón 1 Meán Fómhair 2015 go dtí an 31 Nollaig 2015.

Tháinig na forálacha forfheidhmithe den Acht i bhfeidhm an 1 Eanáir 2017. Foráiltear leo do chionta agus pionóis a ghearradh ar dhaoine nach gcomhlíonann ceanglais an Acharta.

An mbaineann an reachtaíocht leat?

Leagtar amach san Acht na catagóirí daoine a meastar go seolann siad gníomhaíochtaí brústocaireachta. Féachaimid ar na daoine sin mar dhaoine a thagann faoi raon feidhme an Acharta. Tá duine ag gabháil do bhrústocaireacht i gcás go dtagann sé/sí faoi raon feidhme an Acharta agus go ndéanann sé/sí cumarsáid iomchuí. Déanann duine cumarsáid iomchuí i gcás go ndéanann sé/sí cumarsáid phearsanta (go díreach nó go hindíreach) le hOifigeach Poiblí Ainmnithe maidir le ní iomchuí.

Bainfidh an reachtaíocht leat, mar sin, má chomhlíonann tú gach ceann de na coinníollacha seo a leanas:

- A. Tagann tú faoi raon feidhme an Acharta.
- B. Déanann tú cumarsáid iomchuí nó bainistíonn nó treoraíonn tú déanamh na cumarsáide sin.
- C. Déantar an chumarsáid sin le hoifigeach poiblí ainmnithe.
- D. Baineann an chumarsáid sin le ní iomchuí. E. Ní cumarsáid eiscthe í an chumarsáid sin.

A) Cé a thagann faoi raon feidhme an Acharta?

Is iad seo a leanas na daoine a thagann faoi raon feidhme an Acharta:

- Duine ag a bhfuil níos mó ná deichniúr fostaithe lánaímseartha
- Comhlacht ag a bhfuil fostai lánaímseartha amháin nó níos mó agus atá ann go príomha chun bheith ionadaitheach do leasanna a chomhaltaí, i gcás go ndéantar na cumarsáidí iomchuí thar ceann aon duine de na comhaltaí. Tugaimid “comhlachtaí ionadaitheacha” ar chomhlachtaí den sórt sin. Samplaí de chomhlachtaí ionadaitheacha is ea ceardchumann, comhlachas gairmiúil, cumann tionscail agus comhlacht spóirt.
- Comhlacht ag a bhfuil fostai lánaímseartha amháin nó níos mó agus atá ann go príomha chun diríú ar shaincheisteanna áirithe, i gcás go mbaineann na cumarsáidí iomchuí le haon cheann de na saincheisteanna sin. Tugaimid “comhlachtaí tathanta” ar chomhlachtaí den sórt sin. Samplaí de chomhlachtaí tathanta is ea eagraíochtaí a chuireann saincheisteanna chearta an duine chun cinn nó a théann i mbun feachtas ar son daoine gan dídean.
- Aon duine (duine aonair nó eagraíocht) a dhéanann "cumarsáid iomchuí" faoi thalamh a fhorbairt nó a chriosú, i gcás nach ionann an talamh sin agus a p(h)ríomháit chónaithe phríobháideach.
- Tríú páirtí (duine aonair nó eagraíocht) a fhaigheann íocaíocht as gabháil do bhrústocaireacht thar ceann duine a thagann faoi cheann amháin de na catagóirí daoine thusa. (Is féidir an íocaíocht sin a dhéanamh in airgead nó i luach airgid.)

Cumarsáidí ó chomhlachtaí ionadaitheacha agus ó chomhlachtaí tathanta

I gcás comhlachtaí ionadaitheacha agus comhlachtaí tathanta, ní mór an chumarsáid iomchuí a bheith déanta ag fostáí de chuid an chomhlachta nó ag duine a shealbhaíonn oifig íoctha sa chomhlacht (mar shampla, an cathaoirleach) agus a mbaineann a c(h)uid feidhmeanna le gnótháí an chomhlachta ina ionmláine agus mar a ndéantar an chumarsáid ina c(h)áil mar dhuine den sórt sin. Fágann sé sin nach meastar, i bhformhór na gcásanna, gurb ionann cumarsáidí a dhéanann oibrithe deonacha neamhíoctha agus brústocaireacht. Is féidir go mbeidh sealbhóirí oifige amhail cathaoirligh agus rúnaithe ina n-oibrithe deonacha neamhíoctha. Más rud é go bhfuil siad ina n-oibrithe deonacha neamhíoctha, is amhlaidh, i bhformhór na gcásanna, nach gníomhaíochtaí brústocaireachta a bheidh in aon chumarsáidí a dhéanann siad. Mar sin féin, féadfaidh cumarsáid iomchuí bheith díreach nó indíreach. Mar sin, is brústocaireacht í i gcás go ndéanann oibrí deonach neamhíoctha an chumarsáid tar éis dó/di treoir a fháil ó fhostáí nó ó shealbhóir oifige íoctha, agus ní mór an chumarsáid a chur ar áireamh i dtuairisceán na heagraíochta.

Tríd is tríd, ní thiocfaidh Comhlachtaí Ionadaitheacha/Tathanta atá comhdhéanta go hiomlán d’oibrithe deonacha faoi raon feidhme an Achta ach amháin i gcás go ngabhall siad do bhrústocaireacht faoi thalamh a chriosú/a fhorbairt. Tiocfaidh siad faoi raon feidhme an Achta, áfach, i gcás go bhfostaíonn siad duine go lánamearthá.

Maidir le Comhlachtaí Ionadaitheacha/Tathanta a dhéanann "cumarsáid iomchuí" faoi thalamh a chriosú nó a fhorbairt, meastar go bhfuil siad ag seoladh gníomhaíocht brústocaireachta, is cuma cé acu atá fostáí lánamearthá acu nó nach bhfuil. Déantar amhlaidh toisc go bhforáltear go sonrach leis an Acht go bhféadfar ceanglas a chur ar aon duine a dhéanann "cumarsáid iomchuí" faoi thalamh a chriosú nó a fhorbairt clárú agus tuairisceán maidir le gníomhaíochtaí brústocaireachta a chur isteach, i gcás nach ionann an talamh sin agus a p(h)ríomháit chónaithe phríobháideach. I bhfocail eile, ní bhaineann na critéir maidir leis an lín fostaithe atá ann le hábhar i gcás go bhfuil tú ag déanamh cumarsáid faoi thalamh a chriosú agus a fhorbairt.

B) Cé hiad na hOifigigh Phoiblí Ainmnithe?

Is iad seo a leanas na hOifigigh Phoiblí Ainmnithe faoin Achta:

- Airí agus Airí Stáit;
- Teachtaí Dála agus Seanadóirí;
- Feisirí de Pharlaimint na hEorpa do thoghlaigh Éireannacha;
- Comhaltaí d’údaráis áitiúla;
- Comhairleoirí Speisialta d’Airí agus d’Airí Stáit arna gceapadh faoi alt 11 den Acht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí, 1997;
- Seirbhísigh Phoiblí de thuairisc fhorordaithe;
- Catagóirí eile daoine de thuairisc fhorordaithe.

I dtaca le “seirbhísigh phoiblí de thuairisc fhorordaithe”, rinne an tAire Airgeadais agus Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe rialacháin (na Rialacháin fán Acht um Brústocaireacht a Rialáil, 2015 (Oifigigh Phoiblí Ainmnithe), 2015, agus na Rialacháin fán Acht um Brústocaireacht a Rialáil 2015, (Oifigigh Phoiblí Ainmnithe), 2016) lena dtugtar sonraí faoi na poist atá forordaithe mar oifigigh phoiblí ainmnithe chun críocha an Achta.

I dtaca leis an Státseirbhís, is forordaithe mar oifigeach poiblí ainmnithe atá seirbhíseach poiblí ar Ard-Rúnaí, Fo-Rúnaí, Leas-Rúnaí, Rúnaí Cúnta nó Stiúrthóir é/i i gcomhlacht seirbhíse poiblí atá sonraithe i Sceideal I a

ghabhall le Rialacháin 2015. Is forordaithe mar oifigeach poiblí ainmnithe freisin atá seirbhíseach poiblí i bpost atá sonraithe i Sceideal 2 a ghabhall le Rialacháin 2015.

I dtaca le húdaráis áitiúla, foráiltear le Rialacháin 2015 go bhfuil na daoine sna poist seo a leanas in údarás áitiúla forordaithe mar oifigigh phoiblí ainmnithe:

- Príomhfeidhmeannagh agus gráid choibhéiseacha
- An Príomhfeidhmeannach Cúnta (Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath amháin)
- Stiúrthóirí Seirbhísí
- Cinn Airgeadais
- An Ceann Acmhainní Daonna (Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath amháin)
- Faoi Rialacháin 2016, a thainig i bhfeidhm an 1 Meán Fómhair 2016, tá seirbhíseach poiblí i gComhairle Contae Chorcaí atá ag obair sa phost mar Bhainisteoir Rannóige forordaithe mar oifigeach poiblí ainmnithe.

Tá sonraí ionmlána faoi na poist thusas, atá forordaithe sna Rialacháin, ar fáil ar ár suíomh Gréasáin www.lobbying.ie. Féadfar an liosta post atá forordaithe mar oifigigh phoiblí ainmnithe a leathnú le hOrdú ón Aire chuit catagóirí eile le himeacht ama.

Faoin Acht, ceanglaítear ar chomhlachtaí poiblí ainm a bhfostaithe ar oifigigh phoiblí ainmnithe iad agus cur síos gairid ar róil agus freagrachtaí na bhfostaithe sin a fhoilsiú ar a suíomh Gréasáin. Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara nach bhfuil oifigigh phoiblí ainmnithe forordaithe do gach comhlacht poiblí.

C) Cad is cumarsáid iomchuí ann?

Is é is cumarsáid iomchuí ann ná cumarsáid

- A fhéadfar a dhéanamh i scrióbhinn nó ó bhéal
- A dhéantar go pearsanta (go díreach nó go hindíreach)
- A ndéanann duine a thagann faoi raon feidhme an Acharta í
- A dhéantar le hOifigeach Poiblí Ainmnithe
- A bhaineann le ní iomchuí
- Nach cumarsáid eiscthe í

Ba cheart a thabhairt faoi deara nach i suíomh foirmiúil ná trí mhodhanna foirmiúla a úsáid a dhéantar gach cumarsáid iomchuí (gníomhaíocht brústocaireachta). Cé go ndéantar cuid mhór cumarsáidí iomchuí trí chruinnithe duine le duine, trí ghlaonna teileafóin nó trí ríomhphoist, déantar brústocaireacht ar bhealaí nach bhfuil chomh foirmiúil céanna freisin. Áirítear leo sin comhráite neamhfhoirmiúla, tóstail shóisialta, agus na meáin shóisialta, fiú. Má chomhlíonnann an chumarsáid na critéir thusas, measfar gur cumarsáid iomchuí (gníomhaíocht brústocaireachta) í agus ní mór í a thuairisciú dá bharr sin.

D) Cad is ní iomchuí ann?

Is é is ní iomchuí ann ná aon ní a bhaineann leis na nithe seo:

- Aon bheartas poiblí nó aon chlár poiblí a thionscnamh, a forbairt nó a mhodhnú (mar shampla, tograí le haghaidh athruithe ar chánachas, tograí le haghaidh athruithe ar bheartas talmhaíochta, tograí le haghaidh teidlíocht i leith seirbhísí sláinte a athrú)

- Aon dlí a ullmhú nó a leasú (lena n-áirítear reachtaíocht thánaisteach amhail ionstraimí reachtúla agus fodhlithe) (mar shampla, tograí le haghaidh an dlí maidir le huchtú a athrú, tograí le haghaidh fodhlithe a bhaineann leis an trácht a athrú)
- Dámhachtain aon deontais, iasachta nó tacaíochta airgeadais eile, aon chonartha nó comhaontaithe eile, nó aon cheadúnais nó údaraithe eile lena ngabhann cistí poiblí (mar shampla, na critéir i dtaca le deontais tithíochta a dhámhachtain do dhaoine faoi mhíchumas, an ceannach maoine nó an díol maoine nó sócmhainní eile ag an rialtas.)

AR LEITH Ó aon bheartas, clár, achtachán nó dámhachtain den sórt sin a chur i ngníomh nó ó aon ní de chineál teicniúil.

Is iad seo a leanas roinnt samplaí den difríocht idir nithe a bhféadfaí a mheas gur nithe iomchuí agus nithe “cur i ngníomh” iad agus nithe a bhféadfaí a mheas gur nithe de chineál teicniúil iad:

- Cumarsáidí lena bhféachtar le beartas nó dlí cánach ar leith a thabhairt isteach nó a leasú, mheasfaí gur cumarsáidí a bhaineann le ní iomchuí iad. I gcás go gcinnfear an beartas agus go n-achtófar an dlí cánach lena mbaineann ina dhiaidh sin, is dóigh go measfaí gur nithe cur i ngníomh iad cumarsáidí a bhaineann le cur i bhfeidhm an dlí.
- Cumarsáidí a bhaineann le critéir áirithe a chur ar áireamh i dtairiscint phoiblí, mheasfaí gur cumarsáidí a bhaineann le ní iomchuí iad. I gcás go gcomhaontófar na critéir agus go bhfoilseofar Iarraidh ar Thairiscintí ina dhiaidh sin, mheasfaí gur nithe cur i ngníomh iad aon tairiscint a chuirfear isteach, aon cheisteanna maidir le sonraíochtaí na tairisceana agus aon aiseolas ar thoradh na tairisceana.
- Sampla de nithe de chineál teicniúil is ea cásanna ina bhfuil sé beartaithe ag an Rialtas beartas nó reachtaíocht a thabhairt isteach chun astaíochtaí gluaisteáin a laghdú. Cumarsáidí a bhaineann leis an mbeartas nó an reachtaíocht atá beartaithe, mheasfaí gur cumarsáidí a bhaineann le ní iomchuí iad. Mar shampla, is é ní teicniúil a bheadh i gceist i gcás go rachadh an Rialtas i gcomhairle le saineolaithe eolaíocha maidir leis an leibhéal astaíochtaí a d’fhéadfadh dochar a dhéanamh don chomhshaol. I gcás go gcuirfear an reachtaíocht i bhfeidhm, is dóigh go measfaí gur nithe teicniúla freisin iad aon cheisteanna a chuirtear ar an rannóg rialála lena mbaineann maidir le conas cloí leis na ceanglais nua.

TABHAIR FAOI DEARA: Ní brústocaireacht atá i ngach cineál cumarsáide.

Is fiú a thabhairt faoi deara nach meastar, chun críocha an Achta, gur brústocaireacht atá i ngach cineál cumarsáide. Ní mór do chumarsáid gach ceann de na critéir atá leagtha amach i bpointí A, B, C agus D thusa a chomhlíonadh chun go measfar gur gníomhaíocht brústocaireachta í. Is ann do roinnt cumarsáidí “eiscthe” (díolmhaite) freisin (féach thíos).

E) Cé na cumarsáidí “eiscthe” (díolmhaite)?

Is cumarsáidí “eiscthe” (díolmhaite) iad na nithe seo a leanas agus, dá bhrí sin, ní mheastar gur gníomhaíochtaí brústocaireachta iad (i.e. ní cumarsáidí iomchuí iad):

- Gnótháí príobháideacha: Cumarsáidí a dhéanann duine aonair nó a dhéantar tarth ceann duine aonair a bhaineann lena g(h)nótháí príobháideacha féin, ach amháin i gcás go mbaineann siad le haon talamh a fhorbairt nó a chriosú. I gcás go ndéanann duine aonair cumarsáid faoi thalamh arb ionann í agus a p(h)rómháit chónaithe phríobháideach a chriosú nó a fhorbairt agus nach mó achar na talún ná acra amháin, is cumarsáid dhíolmhaite í an chumarsáid. Tá treoirlínte mionsonraithe maidir le brústocaireacht i dtaca le talamh a fhorbairt agus a chriosú ar fáil ag www.lobbying.ie. I

ndáil leis sin, is díolmhaithe a bheidh méid suntasach cumarsáidí clinic toghlaigh idir ionadaithe tofa agus na daoine ina dtoghcheantar i gcás go mbaineann an ní le gnóthaí priobháideacha duine aonair. Mar shampla, ní cumarsáidí iomchuí iad cumarsáidí i dtaca le hincháilitheacht duine aonair le haghaidh íocaíocht leasa shóisialaigh, teach údaráis áitiúil nó cárta leighis nó i dtaca le teidlíocht duine aonair ina leith sin.

- Caidreamh taidhleoireachta: Cumarsáidí a dhéanann thír iasachta nó críoch iasachta, an tAontas Eorpach, na Náisiún Aontaithe nó aon eagraíocht idir-rialtasach idirnáisiúnta eile ní a dhéantar thar a gceann. Tabhair faoi deara nach bhfuil feidhm ag an díolúine seo ach amháin maidir le cumarsáidí arna gceadú ag na hoifigigh ó thír ní culchríoch eile; duine aonair a chónaíonn i dtír eile agus nach bhfuil aon údarás eile aige/aici, ní chálíonn sé/sí don díolúine.
- Faisnéis fhíorasach: Cumarsáidí lena n-iarrtar faisnéis fhíorasach nó lena soláthraítear faisnéis fhíorasach mar fhreagairt ar iarraigdh ar an bhfaisnéis (mar shampla, cuideachta a fhiabraíonn de sheirbhíseach poiblí conas is féidir léi cáiliú le haghaidh deontas fiontraíochta agus a fhaigheann freagra; duine a dhéanann fiafraí faoi na rialacha i dtaca le pleanáil agus a fhaigheann freagra; faisnéis fhíorasach a sholáthraíonn comhlacht ionadaitheach do roinn rialtais mar fhreagairt ar iarraigdh ón roinn).
- Aighneachtaí foilsithe: Cumarsáidí a iarrann comhlacht seirbhise poiblí agus a fhoilsíonn sé (mar shampla, aighneachtaí a fhaightear mar fhreagairt ar phróiseas comhairliúcháin phoiblí a bhfoilsíonn an comhlacht poiblí iad ina dhiaidh sin.) D’fhoilsigh an Coimisiún um Chaighdeáin treoir níos mionsonraithe maidir le próisis chomhairliúcháin phoiblí sa [rannán ceisteanna coitianta dá shuíomh Gréasáin](#).
- Caibidlí ceardchumainn: Cumarsáidí is cuid de chaibidlí, ní a bhaineann go díreach le caibidlí, ar théarmaí agus coinníollacha fostáiochta a ghabhann ionadaithe ceardchumainn de láimh thar ceann a chomhaltaí Ba cheart a thabhairt faoi deara go bhfuil feidhm ag an díolúine ar leith seo maidir le ceardchumann mar atá sainmhínithe san Acht. Is féidir nach dtiocfaidh gach comhlacht ionadaitheach fostaithe faoin sainmhíniú ar cheardchumann atá leagtha amach san Acht agus, dá bharr sin, ní bheidh feidhm ag an díolúine maidir leo.
- Sábháilteacht agus slándáil: Cumarsáidí a bhféadfadh sé gur bhagairt ar shábháilteacht aon duine ní ar shlándáil an Stáit iad a nochtadh.
- Coistí Oireachtas: Cumarsáidí a dhéantar in imeachtaí coiste de cheachtar Teach den Oireachtas. Ba cheart a thabhairt faoi deara nach bhfuil feidhm ag an díolúine seo ach amháin maidir le himeachtaí foirmíula coiste a thaifeadtar agus/nó a scríobhtar miountairiscí orthu de ghnáth. Níl feidhm aici maidir le cumarsáidí a dhéantar lasmuigh d’imeachtaí foirmíula.
- Cumarsáidí ó oifigigh phoiblí ainmnithe ní ó sheirbhísigh phoiblí: Is cumarsáidí díolmhaithe iad na cumarsáidí a dhéanann oifigeach poiblí ainmnithe ina c(h)áil mar oifigeach den sórt sin. (Mar shampla, ní hionann agus brústocaireacht na cumarsáidí a sheolann comhairleoirí contae chuig bainisteoirí údaráis áitiúil nó chuig seirbhísigh phoiblí eile.) Mar an gcéanna, is cumarsáidí díolmhaithe freisin iad na cumarsáidí a dhéanann seirbhísigh phoiblí (nó na daoine sin atá fruilithe ar conradh ag comhlacht seirbhise poiblí) sa chál sin agus a bhaineann le feidhmeanna an chomhlachta seirbhise poiblí. Tá seirbhísigh phoiblí fostaithe ag comhlachtaí seirbhise poiblí ní sealbhaíonn siad oifig sna comhlachtaí sin. Tá “comhlacht seirbhise poiblí” sainmhínithe san Acht. Tríd is tríd, tá siad ina gcomhlachtaí Stáit nach comhlachtaí tráchtála Stáit iad. D’fhoilsigh an Coimisiún um Chaighdeáin [treoirláint ar leith d’oifigigh phoiblí ainmnithe](#), ina bpléitear ar bhealach níos mine leis an díolúine.
- Rialachas comhlachtaí tráchtála Stáit: Cumarsáidí ó chomhlacht tráchtála Stáit, ní thar ceann comhlacht tráchtála Stáit, a dhéantar le hAire den Rialtas a shealbhaíonn scaireanna sa chomhlacht, ní a bhfuil feidhmeanna reachtúla aige/aici i ndáil leis an gcomhlacht, ní le hoifigigh phoiblí ainmnithe atá ag fónamh i roinn an Aire sin, i ngnáthchúrsa ghnó an chomhlachta. (Mar shampla, cumarsáidí

áirithe idir Iarnród Éireann agus an tAire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt.) D’fhoilsigh an Coimisiún um Chaighdeán treoir níos mionsonraithe maidir leis an díolúine ar leith seo sa [rannán ceisteanna coitianta den suíomh Gréasáin lobbying.ie](#), go háirthe treoir maidir leis na nithe a d’fhéadfadh a bheith i gceist le gnáthchúrsa gnó comhlachta tráchtala Stáit.

- Grúpaí oibre beartais: Cumarsáidí idir comhaltaí de “chomhlacht iomchuí” arna gceapadh ag Aire, nó ag comhlacht seirbhís poiblí, chun athbhreithniú, measúnú nó anailís a dhéanamh ar aon saincheist beartais phoiblí d’fhoinn tuarascáil a thabhairt don Aire nó don chomhlacht seirbhís poiblí maidir léi. Is é is “comhlacht iomchuí” ann ná comhlacht a gceapann Aire nó comhlacht seirbhís poiblí a chomhaltaí, áit a n-áirítear leis an gcomholtas duine amháin nó níos mó ar oifigigh phoiblí ainmnithe iad agus duine amháin nó níos mó nach seirbhísigh phoiblí iad ná nach bhfuil fruilithe chun críocha comhlachta seirbhís poiblí. (Mar shampla, grúpaí comhairleacha, sainghrúpaí, grúpaí oibre, grúpaí athbhreithnithe nó coimisiúin.) Níl feidhm ag an díolúine seo ach amháin i gcás go seolann an comhlacht iomchuí a ghníomhaíochtaí de réir an Chóid Trédhearccachta. Tá an Cód Trédhearccachta ar fáil ag <https://www.lobbying.ie/help-resources/information-for-public-bodies/transparency-code/>. D’fhoilsigh an Coimisiún um Chaighdeán [nóta treorach níos mionsonraithe maidir le grúpaí comhairleacha, etc., agus Brústocaireacht a Rialál](#) freisin. D’fhéadfadh go mbeadh an nóta treorach sin úsáideach d’eagraíochtaí a sholáthraíonn rúnaíocht d’oifigeach poiblí ainmnithe nó do ghrúpaí oifigeach poiblí ainmnithe agus a sheolann gníomhaíochtaí brústocaireachta.

An Clár Brústocaireachta

Tá freagrácht ar an gCoimisiún um Chaighdeán as an gClár Brústocaireachta (an Clár) a bhunú agus a chothabháil. Tá an Clár ar fáil ar líne do phobal ag www.lobbying.ie agus tá sé saor in aisce.

Tá na nithe seo a leanas sa Chlár:

- Na sonraí clárúcháin a sholáthair gach duine cláraithe don Choimisiún um Chaighdeán san Iarratas ar Chlárú a rinne siad, agus
- An fhaisnéis atá sna tuairisceáin maidir le gníomhaíochtaí brústocaireachta a thug gach duine cláraithe.

Ceanglas chun clárú

Beidh toirmeasc ort gníomhaíochtaí brústocaireachta a sheoladh ach amháin i gcás go bhfuil tú cláraithe ar an gClár. Ní bhaineann an toirmeasc sin leis an gcéad tréimhse iomchuí ar lena linn a sheolann tú gníomhaíochtaí brústocaireachta. Foráiltear leis an Acht go bhféadfaidh tú clárú tar éis duit tosú ar ghníomhaíochtaí brústocaireachta. Faoin Acht, ceanglaítear ar dhuine atá i mbun gníomhaíochtaí brústocaireachta clárú agus tuairisceán maidir le gníomhaíocht brústocaireachta a chur isteach laistigh de 21 lá ó dheireadh na chéad “tréimhse iomchuí” ina dtosaíonn sé/sí ar ghníomhaíochtaí brústocaireachta. Is é an tréimhse iomchuí na ceithre mhí dar críoch an lá deiridh de mhí Aibreán, de mhí Lúnasa agus de mhí na Nollag gach bliain. Mar shampla, más rud é gur le linn mhí Dheireadh Fómhair a dhéanann duine brústocaireacht den chéad uair, ba laistigh den tréimhse iomchuí ón 1 Meán Fómhair go dtí an 31 Nollaig a seoladh an ghníomhaíocht sin. Sa chás sin, ceanglaítear ar an duine clárú agus a c(h)ead tuairisceáin a chur isteach faoin 21 Eanáir, is é sin, 21 lá tar éis dheireadh na tréimhse iomchuí. Níl aon cheanglas ann chun clárú go dtí gur thosaigh duine ar ghníomhaíocht brústocaireachta.

A luaithe is atá oibleagáid ort a bheith cláraithe, áfach, is sárú iomchuí ar an Acht é gníomhaíochtaí brústocaireachta a sheoladh gan a bheith cláraithe agus is cion é déanamh amhlaidh.

Tá an fheidhm chéanna ag an gceanglas chun clárú maidir le cuideachtaí, trádálaithe aonair, comhpháirtíochtaí, comhlachtaí ionadaitheacha, comhlachtaí tathanta agus daoine aonair a thagann faoi raon feidhme an Achta. Ní bhaineann an struchtúr dlíthiúil le hábhar. I bhformhór na gcásanna, ní cheanglófar ar shaoránaigh aonair clárú ach amháin i gcás go bhfuil siad ag seoladh gníomhaíochtaí brústocaireachta i gcáil phríobháideach i dtaca le talamh nach ionann í agus a bpríomháit chónaithe phríobháideach a fhorbairt nó a chriosú.

I gcás go dtugann cuideachta treoir d'fhostaí dá cuid gníomhaíochtaí brústocaireachta a sheoladh thar ceann na cuideachta, ceanglófar ar an gcuideachta, agus ní ar an bhfostaí, clárú agus tuairisceán maidir le gníomhaíochtaí brústocaireachta a chur isteach.

Ní ghearrtar aon táille ar chlárú.

Faisnéis nach mór a sholáthar le linn clárú

Chun clárú, ní mór do dhuine cuntas a chruthú ar www.lobbying.ie ar dtús. Ní mór don duine Iarratas ar Chlárú a chomhlánú ar líne ansin agus an fhaisnéis atá leagtha amach thíos a sholáthar don Choimisiún um Chaighdeáin.

- Ainm an duine, na cuideachta nó na heagraíochta a sheol na gníomhaíochtaí brústocaireachta. Má sheol tú gníomhaíocht brústocaireachta i gcáil phearsanta (seachas thar ceann cuideachta nó eagraíochta), i.e. i dtaca le talamh a chriosú agus a fhorbairt, beidh ort clárú i d'ainm féin mar dhuine aonair. Murar sheol tú gníomhaíocht brústocaireachta i gcáil phearsanta, ní mór duit clárú in ainm na cuideachta/na heagraíochta. Más rud é nach ionann d'ainm dlíthiúil agus an t-ainm coitianta a thugtar ar do ghnóthas, molaimid go gcláródh cláraithe faoin ainm dlíthiúil agus go gcuirfeadh siad tagairt don ainm is coitianta aithne ar áireamh freisin. Mar shampla: 12345 Ireland Ltd (“LobbyGroup” mar ainm trádála dó).
- An seoladh (nó an príomhsheoladh) ag a seolann an duine gnó nó (murab ann do sheoladh den sórt sin) an seoladh ag a bhfuil gnáthchónai ar an duine.
- Gníomhaíochtaí gnó nó príomhgníomhaíochtaí laethúla na heagraíochta.
- Aon seoladh ríomhphoist, uimhir theileafóin nó seoladh suímh Ghréasáin a bhaineann le gníomhaíochtaí gnó nó príomhgníomhaíochtaí an duine.
- Aon uimhir chlárúcháin arna heisiúint ag an Oifig um Chlárú Cuideachtaí chuig an eagraíocht agus, más cuideachta í, sonraí faoi sheoladh oifig chlárúthe na cuideachta.

Ba cheart na nithe seo a leanas a thabhairt faoi deara maidir leis an bhfaisnéis teagmhála thusa nach mór a sholáthar:

- I gcás go bhfuil eagraíocht ag clárú, is í faisnéis teagmhála na heagraíochta an fhaisnéis nach mór a sholáthar.
- I gcás go bhfuil tú ag clárú thar ceann do ghnólachta, ba cheart duit ainm agus sonraí teagmhála do ghnólachta, agus ní do shonraí pearsanta, a sholáthar.
- I gcás duine aonair atá ag clárú i dtaca le gníomhaíochtaí brústocaireachta a seoladh i gcáil phríobháideach, ní mór dó/di a s(h)onraí teagmhála gnó (más ann dóibh) a sholáthar.
- Níor cheart do dhuine a s(h)onraí teagmhála pearsanta a sholáthar ach amháin i gcás nach ann d'aon sonraí teagmhála gnó is féidir a sholáthar.

I dteannta na fainseáise thusas nach mór a sholáthar, ní mór duit a lua freisin go bhfuil na sonraí i do shonrai clárúcháin ceart.

Nuair a sholáthraíonn tú an fhaisnéis thusas agus an ráiteas, beidh tú i do dhuine cláraithe agus beidh an fhaisnéis atá soláthartha agat ar fáil láithreach ar an gClár. Déanfaidh an Coimisiún um Chaighdeáin athbhreithniú ar do chlárú. Má mheasann sé go bhfuil seans ann nach bhfuil aon cheanglas ort clárú, déanfaidh sé teagmháil leat chun a fháil amach cén fáth ar chláraigh tú.

Más rud é gur chláraigh tú agus gur scoir tú go buan de ghníomhaíochtaí brústocaireachta a sheoladh ina dhiaidh sin, féadfaidh tú iarraidh ar an gCoimisiún um Chaighdeáin an méid sin a thabhairt faoi deara i d'iontráil ar an gClár. Ní mór duit a dheimhniú go ndearnadh é sin chun deireadh a chur leis an oibleagáid atá ort tuairisceáin a thabhairt.

Ceanglas chun tuairisceáin a thabhairt

Mar dhuine cláraithe, ceanglaítear ort tuairisceáin a thabhairt don Choimisiún um Chaighdeáin laistigh de 21 lá ó dheireadh gach tréimhse iomchuí. Is é an tréimhse iomchuí an tréimhse ceithre mhí dar críoch an lá deiridh de mhí Aibreáin, de mhí Lúnasa agus de mhí na Nollag gach bliain. Murar sheol tú aon ghníomhaíochtaí brústocaireachta sa tréimhse iomchuí, ní mór duit tuairisceán nialasach a chur isteach. Cion agus sárú ar an Acht atá i mainneachtain tuairisceán maidir le gníomhaíochtaí brústocaireachta (lena náirítear tuairisceán nialasach, más gá) a thabhairt.

Ní gá duit tuairisceáin (lena náirítear tuairisceáin nialasacha) a thabhairt má thugtar faoi deara i d'iontráil ar an gClár gur scoir tú go buan de bhrústocaireacht a sheoladh.

An fhaisnéis nach mór a chur ar áireamh i do thuairisceán maidir le gníomhaíochtaí brústocaireachta

Má sheol tú gníomhaíochtaí brústocaireachta sa tréimhse iomchuí, ní mór an méid seo a leanas a lua i do thuairisceán:

- Na hoifigigh phoiblí ainmnithe agus na comhlachtaí iomchuí seirbhíse poiblí a ndearnadh brústocaireacht orthu.
- Ábhar na brústocaireachta agus na tortaí a beartaíodh a bhaint amach léi. Is gá tuairisceán ar leith a thabhairt do gach ábhar ar ina leith a seoladh brústocaireacht le linn na tréimhse iomchuí. Tá sé tábhachtach go ndéantar cur síos soiléir ar an toradh a beartaíodh. Ní leor téarmaí amhail “feasacht a mhúscailt”, “soiléiriú a thabhairt”, “faisnéis a thabhairt”, etc. Ní mór duit a chur in iúl go soiléir cad a bhí mar aidhm leis an ngníomhaíocht brústocaireachta/na gníomhaíochtaí brústocaireachta. (Mar shampla, más rud é go raibh tú ag déanamh brústocaireachta maidir le seirbhísí timpistí agus éigeandála agus go raibh tú ag iarraidh go soláthrófaí seirbhísí den sórt sin in ospidéal ar leith, ní mór an leibhéal sonraí sin a thabhairt i do thuairisceán maidir le gníomhaíochtaí brústocaireachta). I gcás go mbaineann an ghníomhaíocht brústocaireachta le criosú agus forbairt, ní mór sonraí a thabhairt faoi na tailte/faoi bhforbairt lena mbaineann agus ní mór na tortaí a beartaíodh a leagan amach go sonrach.
- Cineál agus méid na ngníomhaíochtaí brústocaireachta a seoladh. Ar an bhfoirm thuairisceáin ar www.lobbying.ie, gheofar roghanna “anuas” lena gcabhrófar leat cineál agus méid na gníomhaíochta a bhaineann le do thuairisceán a shainainthint. Ní gá duit tuairisceán ar leith a chur isteach i leith gach gníomhaíochta brústocaireachta a bhaineann leis an aon ábhar amháin. Gach gníomhaíocht

brústocaireachta a bhaineann leis an aon ábhar amháin le linn na tréimhse iomchuí, ní mór cuntas a thabhairt orthu i dtuairisceán aonair a bhaineann leis an ábhar sin.

- Ainm an duine aonair i d'eagraíocht ar a raibh an phríomhfhreagracht as na gníomhaíochtaí brústocaireachta a sheoladh. Cé gur féidir go mbeidh baint ag daoine eile i d'eagraíocht le brústocaireacht, ba cheart an duine atá liostaithe anseo a bheith ar an duine ar a bhfuil an phríomhfhreagracht. Dá mba mhaith leat daoine eile a rinne brústocaireacht ar an ábhar a shainaithint, féadfaidh tú ainm na ndaoine sin a iontráil sa réimse téacs atá fágtha bán le haghaidh “Faisnéis Bhreise”.
- Má rinne tú brústocaireacht thar ceann cliaint nó thar ceann duine eile i gcomaoín íocaíochta, ní mór duit faisnéis airithe a sholáthar (féach an chéad rannán eile maidir leis an gcliant/maidir leis an duine eile).
- Ainm gach duine atá nó a bhí (cibé acu roimh an Acht seo a rith nó dá éis sin) ina (h)oifigeach poiblí ainmnithe, atá nó a bhí fostaithe agat nó ag soláthar seirbhísí duit agus a raibh baint aige/aici leis na gníomhaíochtaí brústocaireachta ar ina leith atá an tuairisceán á thabhairt a sheoladh (mar shampla, más rud é go bhfuil iar-Theachta Dála, comhairleoir speisialta nó seirbhíseach poiblí sinsearach fostaithe agat nó go bhfuil conradh seirbhísí agat le duine den sórt sin agus go raibh baint ag an duine sin leis na gníomhaíochtaí brústocaireachta a sheoladh).
- Ní mór duit a dheimhniú go bhfuil do shonraí clárúcháin ceart go fóill. Má tháinig athrú orthu, ní mór duit do shonraí clárúcháin a leasú.
- Ní mór duit a dheimhniú go bhfuil an fhaisnéis atá sa tuairisceán ceart.

Nuair a sholáthraíonn tú an fhaisnéis thuas, beidh do thuairisceán maidir le gníomhaíochtaí brústocaireachta ar fáil láithreach ar an gClár. D’fhoilsigh an Coimisiún um Chaighdeán [treoir maidir le tuairisceán maidir le gníomhaíochtaí brústocaireachta a chur isteach](#), rud ina bhfuil tuairisceán samplach agus leideanna chun déanamh gaistí coitianta a sheachaint.

Faisnéis iomchuí faoi chliant

Má tá tú ag déanamh brústocaireachta thar ceann cliaint nó thar ceann duine eile i gcomaoín íocaíochta, ní mór duit clárú agus tuairisceán maidir leis na gníomhaíochtaí brústocaireachta a seoladh thar ceann an chliaint/an duine eile a chur isteach. Má ghabhann an cliant/an duine eile do ghníomhaíochtaí brústocaireachta sa bhrefis nó ar leith, ní mór don chliant/don duine eile clárú freisin agus tuairisceán a chur isteach i leith na ghníomhaíochtaí brústocaireachta sa bhrefis nó ar leith.

Ní mór duit an fhaisnéis seo a leanas a sholáthar faoin gcliant/faoi duine eile ar do thuairisceán maidir le gníomhaíochtaí brústocaireachta freisin:

- Ainm an chliaint/an duine eile
- An seoladh (nó an príomhsheoladh) ag a seolann an cliant/an duine eile gnó nó (murab ann do sheoladh den sórt sin) an seoladh ag a bhfuil gnáthchónáí ar an gcliant/ar an duine eile
- Gníomhaíochtaí gnó nó príomhgníomhaíochtaí an chliaint/an duine eile
- Aon seoladh ríomhphoist, uimhir theileafóin nó seoladh suímh Ghréasáin a bhaineann le gníomhaíochtaí gnó nó príomhgníomhaíochtaí an chliaint/an duine eile
- Aon uimhir chlárúcháin arna heisiúint ag an Oifig um Chlárú Cuideachtaí chuig an gcliant/chuig an duine eile agus, más cuideachta é/í an cliant/an duine eile, sonraí faoi sheoladh oifig chláraithe na cuideachta.

Ceanglas chun faisnéis bhreise nó faisnéis cheartaithe a sholáthar

Féadfaidh an Coimisiún um Chaighdeáin faisnéis bhreise a iarraidh maidir le hIarratas ar Chlárú mar bhrústocaire agus/nó tuairisceán maidir le gníomhaíocht brústocaireachta i gcás go measfaidh sé:

- Go bhfuil an fhaisnéis atá soláthartha san iarratas nó sa tuairisceán míchruinn nó míthreorach nó
- Go bhfuil gá le faisnéis bhreise chun a chinntíú go gcomhlíonfaidh an t-iarratas nó an tuairisceán an reachtaíocht

Ceanglófar ort an fhaisnéis bhreise nó an fhaisnéis cheartaithe atá riachtanach a sholáthar laistigh de 21 lá. Má mhainníonn tú déanamh amhlaidh, déanfaidh an Coimisiún um Chaighdeáin an fhaisnéis atá soláthartha i do chlárú nó i do thuairisceán a bhaint den Chlár. Míneofar duit cén fáth ar baineadh an fhaisnéis.

Féadfaidh an Coimisiún um Chaighdeáin faisnéis a bhaint den Chlár láithreach i gcás go measfaidh sé go bhfuil aon fhaisnéis atá i sonraí clárúcháin nó i dtuairisceán maidir le gníomhaíochtaí brústocaireachta sách míchruinn nó míthreorach chun údar a thabhairt lena baint láithreach den Chlár.

Má dhéanann an Coimisiún um Chaighdeáin faisnéis atá soláthartha agat a bhaint den Chlár, pléifear leat amhail is nár chláraigh tú riamh nó nár thug tú an tuairisceán iomchuí riamh, de réir mar a bheidh, mura rud é go ndéanfar, agus go dtí go ndéanfar, an fhaisnéis cheartaithe a sholáthar. I ndáil leis sin, féadfar a mheas gur sháraigh tú an tAcht agus go ndearna tú cion.

Foilsíú moillithe

Féadfaidh tú iarratas a dhéanamh chuig an gCoimisiún um Chaighdeáin chun moill a chur ar fhaisnéis áirithe atá i do shonraí clárúcháin nó i do thuairisceán a fhoilsíú. Féadfaidh tú déanamh amhlaidh más rud é go dtugann tú faisnéis agus tú ag clárú nó go dtugann tú faisnéis i dtuairisceán agus go measfaidh tú go bhféadfaí le réasún a bheith ag súil leis, maidir leis an bhfaisnéis sin a chur ar fáil go poiblí:

- A. Go mbeadh drocháifeacht thromáí ag an gcur ar fáil sin ar leasanna airgeadais an Stáit, ar an ngeilleagar náisiúnta, nó ar leasanna gnó i gcoitinne nó ar leasanna gnó aon ghrúpa daoine ar leith, nó
- B. Go mbeadh an cur ar fáil sin ina chúis le cailleanas airgeadais ábhartha don duine lena mbaineann an fhaisnéis nó go ndéanfaí dochar mór leis an gcur ar fáil sin do staid iomaíochta an duine sin i seoladh shlí bheatha, ghairm nó ghnó an duine nó do thoradh aon chaibidlí conarthacha nó eile atá á seoladh ag an duine sin

Ní mór iarratais ar mhoill a chur ar fhoilsíú a dhéanamh tríd an gclár ar líne. Ní mór breith ar d'iarratas ar mhoill a chur ar fhoilsíú a thabhairt laistigh de 21 lá. I gcás gurb ionann na cúiseanna a thugtar le foilsíú moillithe agus iad sin atá leagtha amach i mír A thusas, ní mór don Choimisiún um Chaighdeáin dul i gcomhairle leis an Aire iomchuí/leis na hAiri iomchuí ar dtús sula dtabharfaidh sé breith ar d'iarratas.

Má mheasann an Coimisiún um Chaighdeáin go bhféadfaí le réasún a bheith ag súil leis go mbeadh mar iarmhairtí ar an bhfaisnéis a chur ar fáil go poiblí na hiarmhairtí sin atá sonraithe agat, féadfaidh an Coimisiún a chinneadh:

- Cuid den fhaisnéis sin, nó an fhaisnéis sin ar fad, a eisiamh óna foilsíú láithreach
- Cuid den fhaisnéis sin, nó an fhaisnéis sin ar fad, a chur ar fáil i bhfoirm achomair amháin

Féadfaidh an Coimisiún um Chaighdeáin cinneadh den sórt sin a dhéanamh más dealraitheach dó gurbh fhearr a dhéanfaí leas an phobail tríd an iarraidh a cheadú. Beidh feidhm ag cinneadh den sórt sin ar feadh tréimhse shonraithe nach faide né sé mhí nó go dtí go ndéanfar an cinneadh a chúlghairm, cibé acu is túisce a tharlóidh. Féadfaidh tú iarratas a dhéanamh ar an bhfoilsiu moillithe a athnuachan más gá, a mhinice is gá, ach ní mhairfidh aon athnuachan níos mó ná 6 mhí.

Fad atá cinneadh i bhfeidhm, ní bheidh feidhm ag na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise maidir le taifead a bhaineann le haon fhaisnéis is ábhar do chinneadh.

Soláthróidh an Coimisiún um Chaighdeáin cóipeanna den chinneadh duit agus d'aon Airí a ndeachthas i gcomhairle leo.

Má dhiúltaítar, go hiomlán nó go páirteach, do d'iarratas ar fhoilsiu moillithe, míneoidh an Coimisiún um Chaighdeáin duit na cúiseanna gur diúltaíodh dó.

Má cheadaítear d'iarratas, féadfaidh an Coimisiún um Chaighdeáin athbhreithniú a dhéanamh ar a chinneadh aon tráth agus féadfaidh sé breith a thabhairt an cinneadh a chúlghairm más dealraitheach dó gurbh fhearr a dhéanfaí leas an phobail tríd an bhfaisnéis a chur ar fáil go poiblí láithreach ná trí mhoill a chur ar í a chur ar fáil go poiblí. Má tharlaíonn sé sin, cuirfear an méid sin in iúl duit agus do na hAirí iomchuí a ndeachthas i gcomhairle leo.

Má fhoilsítear an fhaisnéis i bhfoirm achomair, beidh sé sin luaite ar an gClár.

I gcás gur cuireadh moill ar fhaisnéis a fhoilsiu nó gur foilsiodh faisnéis i bhfoirm achomair amháin agus go ndéantar foilsiu nó foilsiu ionmlán, foilseoidh an Coimisiún um Chaighdeáin ar an gClár míniú faoin gcúis gur cuireadh moill ar an bhfoilsiu nó gur achoimríodh an fhaisnéis.

Aon duine nach bhfuil sásta le haon bhreith a thug an Coimisiún um Chaighdeáin maidir le foilsiu moillithe, féadfaidh sé/sí achomharc a dhéanamh.

Ní dhéanfaidh an Coimisiún um Chaighdeáin faisnéis ar cuireadh moill uirthi ná a achoimríodh a chur ar fáil go poiblí ach amháin tar éis 14 lá ó bhreith a thabhairt go ndéanfad sé amhlaidh. Déanann an Coimisiún é sin chun deis a thabhairt do dhaoine achomharc a dhéanamh. Má dhéanann tú achomharc, ní fhoilseofar an fhaisnéis go dtí go mbeidh an próiseas achomharc thart ná go dtí go dtarraingeofar an t-achomharc siar.

Ábhar eile a fhéadfar a eisiamh ón gClár

Sonrai pearsanta

Ceadaítear leis an Acht sonrai pearsanta áirithe a bhailiú agus a fhoilsiu chun tréadhearcacht an Chláir a mhéadú. Áirítear leo sin ainm agus sonrai teagmhála an chláraí. Féadfaidh duine a iarraidh go ndéanfaí a s(h)onrai pearsanta atá in Iarratas ar Chlárú ná i Sonrái Cliant ar thuairisceán maidir le gníomhaíochtaí brústocaireachta a eisiamh ón bhfaisnéis atá ar fáil go poiblí ar an gClár. Déanfaidh an Coimisiún um Chaighdeáin an fhaisnéis a eisiamh i gcás go measfaidh sí gur gá déanamh amhlaidh:

- Chun nach ndéanfar an fhaisnéis a mhí-úsáid, nó
- Chun sábháilteacht aon duine a chosaint, nó
Chun slándáil an Stáit a chosaint.

Sa reachtaíocht um chosaint sonraí, sainmhínítear sonraí pearsanta mar shonraí a bhaineann le duine aonair beo a aithnítear nó is féidir a aithint ó na sonraí pearsanta nó ó na sonraí pearsanta i dteannta faisnéise eile. Chun tuilleadh faisnéise a fháil, féach www.dataprotection.ie. D’fhoilsigh an Coimisiún um Chaighdeán [nóta treorach maidir le hiarrataí ar shonraí pearsanta a eisiamh](#). D’fhoilsigh sé [fógra priobháideachta](#) freisin maidir leis na sonraí pearsanta a shealbháíonn an Coimisiún um Chaighdeán i ndáil leis na feidhmeanna reachtúla atá aige faoin Acht um Brústocaireacht a Rialáil, 2015.

Faisnéis atá míchruinn, as dáta nó míthreorach

Má mheasann tú gurb ann d’fhaisnéis fút ar an gClár atá míchruinn, as dáta nó míthreorach (mar shampla, mar dhuine a sheolann gníomhaíochtaí brústocaireachta, mar dhuine a bhfuil brústocaireacht á déanamh air/uirthi nó mar chliant atá ar áireamh i dtuairisceán duine eile maidir le gníomhaíochtaí brústocaireachta), féadfaidh tú fianaise air sin a sholáthar don Choimisiún um Chaighdeán. Má mheasann an Coimisiún um Chaighdeán go bhfuil an fhaisnéis míchruinn, as dáta nó míthreorach, féadfaidh sé an fhaisnéis sin a leasú nó a scríosadh de réir mar is cuí.

Mura measann an Coimisiún um Chaighdeán go bhfuil an fhaisnéis míchruinn, as dáta ná míthreorach, ní mór dó fógra a thabhairt duit faoi sin agus na cúiseanna taobh thiar dá bhrefh a mhíniú duit. Mura bhfuil tú sásta leis an mbreith ón gCoimisiún um Chaighdeán maidir leis an bhfaisnéis a leasú nó a scríosadh, féadfaidh tú achomharc a dhéanamh.

Má mheasann duine go bhfuil aon fhaisnéis atá sa Chlár, agus a bhaineann leis/léi, míchruinn, as dáta nó míthreorach, féadfaidh an duine fianaise air sin a sholáthar don Choimisiún um Chaighdeán. Má mheasann an Coimisiún um Chaighdeán go bhfuil an fhaisnéis míchruinn, as dáta nó míthreorach, féadfaidh sé an fhaisnéis sin a leasú nó a scríosadh de réir mar is cuí. Ní fhéadfaidh duine achomharc a dhéanamh i gcoinne na breithe ón gCoimisiún um Chaighdeán, áfach, i gcás nach mbaineann an fhaisnéis leis/léi fén.

“Tréimhse mharana”: Srianta ar fhostaíocht iarthéarma mar bhrústocaire

Foráiltear leis an Acht go bhfuil srian ar oifigigh phoiblí ainmnithe áirithe gabháil do bhrústocaireacht in imthosca áirithe ar feadh bliana tar éis dóibh a bpost nó a n-oifig a fhágáil ach amháin i gcás go bhfaighidh siad cead ón gCoimisiún um Chaighdeán déanamh amhlaidh – is é sin le rá, tá siad faoi réir tréimhse “mharana”.

Is iad seo a leanas na hoifigigh phoiblí ainmnithe lena mbaineann: Airí agus Airí Stáit, comhairleoirí speisialta agus seirbhísigh phoiblí fhorordaithe. Tugaimid “oifigigh phoiblí ainmnithe iomchuí” ar na daoine sin.

Ní chuimsítear leis an bhforáil seo daoine eile ar oifigigh phoiblí ainmnithe iad chun críocha na gceanglas um chlárú brústocaireachta, is iad sin, Teachtaí Dála, Seanadóirí, Feisirí de Pharlaimint na hEorpa agus comhaltaí d’Údarás Áitiúla.

Ní fhéadfaidh oifigigh phoiblí ainmnithe iomchuí nach gcuimsítear leis an bhforáil iad na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- Gníomhaíochtaí brústocaireachta a sheoladh in imthosca áirithe, ná
- Bheith fostaithe ag duine, ná seirbhísí a sholáthar do dhuine, a sheolann gníomhaíochtaí brústocaireachta in imthosca áirithe.

Is iad na himthosca lena mbaineann aon imthosca inarb amhlaidh, maidir leis an ngníomhaíocht brústocaireachta:

- Go bhfuil baint aici le haon chomhlacht seirbhíse poiblí a raibh an t-oifigeach poiblí ainmnithe iomchuí bainteach leis, is é sin, áit a raibh sé/sí fostaithe nó a raibh oifig nó post eile ina s(h)eilbh aige/aici sa bláthain sular fhág an t-oifigeach poiblí ainmnithe iomchuí an comhlacht, nó
- Go ndéantar í chuig duine a bhí ina (h)oifigeach poiblí ainmnithe agus a bhí bainteach leis an gcomhlacht seirbhíse poiblí sin sa bláthain sular fhág an t-oifigeach poiblí ainmnithe iomchuí an comhlacht.

Féadfaidh oifigeach poiblí ainmnithe iomchuí iarratas a dhéanamh chuig an gCoimisiún um Chaighdeáin ar thoiliú chun gabháil do bhrústocaireacht den sórt sin. Féadfaidh an Coimisiún um Chaighdeáin breith a thabhairt toiliú a thabhairt gan choinníoll nó faoi réir coinníollacha. Féadfaidh an Coimisiún um Chaighdeáin diúltú toiliú a thabhairt i leith ionlán na tréimhse marana ná i leith aon choda di freisin.

Féadfaidh oifigeach poiblí ainmnithe iomchuí nach bhfuil sásta leis an mbreith achomharc a dhéanamh.

D'fhoilsigh an Coimisiún um Chaighdeáin treoir bhreise chun tairbhe d'aon daoine atá ag iarraidh iarratas a dhéanamh ar a dtréimhse mharana a tharscaoileadh nó a laghdú.

Forfheidhmiú

Leagtar amach i gCuid 4 den Acht um Brústocaireacht a Rialáil, 2015, sáruithe “iomchuí” ar an Acht agus forálacha forfheidhmithe. Tháinig na forálacha forfheidhmithe i bhfeidhm an 1 Eanáir 2017.

Sáruithe iomchuí

Leagtar na nithe seo a leanas amach in alt 18 den Acht mar “sháruithe iomchuí” ar an Acht:

- Gníomhaíochtaí brústocaireachta a sheoladh gan a bheith cláraithe;
- Mainneachtain tuairisceán a thabhairt faoin spriocdháta;
- Aon fhaisnéis arb eol í a bheith míchruinn nó míthreorach a sholáthar don Choimisiún um Chaighdeáin;
- Mainneachtain comhoibriú le hoifigeach imscrúdaithe atá ag déanamh imscrídú ar sháruithe ar an Acht; agus
- Cosc a chur ar imscrídú.

Forálacha forfheidhmithe

Leis na forálacha atá i gCuid 4, tugtar údarás don Choimisiún um Chaighdeáin:

- sáruithe iomchuí féideartha (alt 19) a imscrídú.
- cionta a ionchúiseamh (alt 20).

- fógraí íocaíochta seasta a sheirbheáil ar dhaoine a chuir tuairisceán maidir le gníomhaíochtaí brústocaireachta isteach go déanach (alt 21).

Imscrúduithe

Féadfaidh an Coimisiún um Chaighdeáin imscrúdú a údarú má chreideann sé le réasún go mb'fhéidir go bhfuil sárú iomchuí déanta nó á dhéanamh ag duine.

Féadfar oifigigh údaraithe a cheapadh chun an t-imscrúdú a dhéanamh. Beidh cumhachtaí fairsinge acu chun faisnéis riachtanach agus doiciméid riachtanacha a fháil, lena n-áireofar an chumhacht chun dul dul isteach in áitreabh agus é a chuardach.

Féadfaidh an Coimisiún um Chaighdeáin cionta a ionchúiseamh mar thoradh ar imscrúdú.

Ionchúisimh agus Fíneálacha

Féadfaidh an Coimisiún um Chaighdeáin aon sárú iomchuí atá liostaithe thusa a ionchúiseamh.

- Más rud é go n-ionchúisítar thú sa Chúirt Dúiche agus go bhfaightear ciontach thú (ciontú achomair), is féidir go ngearrfar fineáil €2,500 ar a mhéad ort (rud ar a dtugtar fineáil d'Aicme C).
- Más rud é go n-ionchúisítar thú sa Chúirt Chuarda Choiríúil agus go bhfaightear ciontach thú (ciontú ar díotáil), is féidir go gcuirfear fineáil agus príosúnacht ar feadh téarma dhá bhliain ar a mhéad ort.
- Is sárú iomchuí é tuairisceán déanach a chur isteach (is é sin, tuairisceán a chur isteach tar éis an spriocdháta phorordaithe). Eiseofar fógra íocaíochta seasta as an sárú sin. Is é €200 suim na híocaíochta seasta. Má iocann tú an íocaíocht sheasta laistigh den tréimhse shonraithe, ní rachfar i mbun tuilleadh birt. Is féidir go n-ionchúiseofar thú mura n-iocann tú an íocaíocht sheasta.

Achomhairc

Féadfar achomharc a dhéanamh i gcoinne breitheanna áirithe ón gCoimisiún um Chaighdeáin. Féadfaidh aon duine arb éagóir leis/léi breith ón gCoimisiún um Chaighdeáin achomharc a dhéanamh i gcoinne na breithe lena mbaineann laistigh de 14 lá trí na cúiseanna leis an achomharc a leagan amach. Ba cheart achomhairc a dhéanamh chuig appeals@lobbying.ie. Is iad seo a leanas na breitheanna atá i gceist:

- Breith maidir le faisnéis a bhaint i gcás gur chinn an Coimisiún um Chaighdeáin go bhfuil sí míchruinn, as dáta nó míthreorach. (Tabhair faoi deara nach bhféadfaidh duine achomharc a dhéanamh i gcoinne breith den sórt sin ach amháin i gcás go mbaineann an fhaisnéis leis/léi féin.) □
Breith maidir le hiarratas ar fhoilsiú moillithe.
- Breith maidir le hiarratas ar na srianta ar fhostaíocht iarthéarma a tharscaoileadh nó a laghdú.

Rinne an tAire Airgeadais agus Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (an tAire) Oifigigh Achomhairc neamhchlaonta neamhspleácha a cheapadh chun breithniú a dhéanamh ar achomhirc den sórt sin. Chomh maith leis sin, rinne an tAire Rialacháin lena bhforordaítear na nósanna imeachta nach mór a leanúint agus achomhirc á seoladh. Tá na Rialacháin sin ar fáil [anseo](#).

Tabharfaidh an tOifigeach Achomhairc breith ar an achomharc laistigh de 14 lá tar éis an t-achomharc a bheith faigthe ag an gCoimisiún um Chaighdeáin. Féadfaidh sé/sí

- An bhreith ón gCoimisiún um Chaighdeáin a dhaingniú, nó
- An bhreith a chúlghairm agus breith nua is cuí leis/léi a chur ina hionad.

Eiseofar an bhreith ón Oifigeach Achomhairc chuig an duine atá ag déanamh an achomhairc agus chuig an gCoimisiún um Chaighdeáin ag an aon am amháin.

Féadfar achomharc i gcoinne na breithe ón Oifigeach Achomhairc a dhéanamh chun na hArd-Chúirte ar phone dlí laistigh de 21 lá tar éis an bhreith a thabhairt. Is críochnaitheach atá an bhreith ón Ard-Chúirt agus ní fhéadfar achomharc eile a dhéanamh ina coinne.

Athbhreithniú ar an Acht

Foráiltear leis an reachtaíocht d'athbhreithniú rialta a dhéanamh ar oibriú an Acharta. Rinneadh an chéad athbhreithniú den sórt sin i mí Mheán Fómhair 2016 nuair a bhí an tAcht i bhfeidhm le bliain. D'fhoilsigh an tAire tuarascáil ar an gcéad athbhreithniú ar an Acht an 2 Bealtaine 2017. Tá an tuarascáil ar fáil ar [shuíomh Gréasáin na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe](#). Ní mór athbhreithniú a dhéanamh ar an Acht gach trí bliana ina diaidh sin. Agus an t-athbhreithniú sin á dhéanamh aige/aici, rachaidh an tAire i gcomhairle le daoine a sheolann gníomhaíochtaí brústocaireachta agus lena gcuid ionadaithe, i measc daoine eile. Ní mór dó/di dul i gcomhairle leis an gCoimisiún um Chaighdeáin freisin.

Tuilleadh Faisnéise

Tá tuilleadh faisnéise faoin Acht ar fáil ag www.lobbying.ie.

Aon duine ar mian leis/léi freastal ar sheisiún faisnéise ar an Acht, ba cheart dó/di spéis a chlárú ach ríomhphost a sheoladh chuig info@lobbying.ie.

Arna hathbhreithniú i mí an Meitheamh 2019

Aguisín: Dea-chleachtais do dhaoine a sheolann gníomhaíochtaí brústocaireachta

- 1) Agus do thuairisceán á chur le chéile agat, ná déan dearmad go bhféachtar ar nithe áirithe mar nithe síolmaithe agus nach measfaí, mar sin, gur brústocaireacht é cumarsáid a dhéanamh fúthu Cláraigh tar éis duit tosú ar ghníomhaíochtaí brústocaireachta

- Déan cinnte de go bhfuil ceangal iarbhír ort clárú – déan an Tástáil Trí Chéim ar www.lobbying.ie
 - Ní gá duit clárú go dtí an chéad spriocdháta tar éis na chéad tréimhse iomchuí ina dtosaíonn tú ar ghníomhaíochtaí brústocaireachta
- 2) Cuir socrutithe i bhfeidhm chun gníomhaíocht brústocaireachta a thaifeadadh
- Sainaithin cé atá freagrach as gníomhaíochtaí brústocaireachta a sheoladh thar ceann d'eagraíochta
 - Déan cinnte de go mbíonn taifead ar a g(h)níomhaíochtaí brústocaireachta á gcoimeád ag aon duine a sheolann gníomhaíochtaí brústocaireachta
 - Sainaithin oifigeach comhlíonta atá freagrach as tuairisceáin a chur isteach thar ceann na heagraíochta
 - Sainaithin oifigeach comhlíonta cùltaca i gcás go bhfuil an príomhdhuine breoite nó as láthair
 - Iarr ar an oifigeach comhlíonta athbhreithniú a dhéanamh ar gach tuairisceán ó thaobh iomláine, cruinnis agus comhsheasmhachta de
- 3) Déan cinnte de go bhfuil na tréimhsí tuairiscithe agus na spriocdhátaí tuairiscithe ar eolas agat
- Pleanál chun tosaigh – cuir spriocdhátaí le d’fhéilire
 - Ná fan go dtí an lá deiridh le haghaidh do thuairisceán a chur isteach – féadfaidh tú é a chur isteach am ar bith atá tuairisceán comhlánaithe agat
 - Teastaíonn tuairisceán nialasacha le haghaidh tréimhsí nár sheol tú gníomhaíochtaí brústocaireachta lena linn
- 4) Déan cinnte de gur ceart atá do thuairisceáin
- Seol tuairisceán amháin in aghaidh gach ábhair – ní gá tuairisceán ar leith a chur isteach i dtaca le gach cumarsáid
 - Déan cinnte de gur soiléir agus fiúntach atá an t-ábhar agus an toradh beartaithe o Ní mór duit an toradh a bhí tú ag iarraidh a bhaint amach a nochtadh. Ní leor a rá go ndearna tú cumarsáid maidir le “nithe arbh ábhair spéise iad”.
 - Déan cinnte de gur roghnaigh tú an tOifigeach Poiblí Ainmnithe ceart
 - Déan cinnte de nach cumarsáid dhíolmhaithe í an chumarsáid
- 5) Más rud é go bhfuil scortha agat de ghníomhaíochtaí brústocaireachta agus nach bhfuil sé ar intinn agat gníomhaíochtaí brústocaireachta a sheoladh sa todhchaí, iarr ar an gCoimisiún um Chaighdeáin “scortha den bhrústocaireacht” a chur le do chlárú
- 6) Iarr faisnéis bhreise má bhíonn amhras ort
- Tá treoirínte, ceisteanna coitianta agus tuairisceáin shamplacha, i measc nithe eile, foilsithe ag an gCoimisiún um Chaighdeáin ar www.lobbying.ie
 - Is féidir leat teagmháil a dhéanamh linn freisin ach ríomhphost a sheoladh chuig info@lobbying.ie nó glao a chur ar (01) 639-5722